Cúntóir Taighde (1 phost); Conradh 24 mhí ó Eanáir 2017.
Cúntóir Eagarthóireachta Taighde (1 phost); Conradh 24 mhí ó Eanáir 2017.

Tá taighdeoirí ar conradh á n-earcú ag Fiontar agus Scoil na Gaeilge chun oibriú ar thionscadail éagsúla i réimsí na téarmeolaíochta agus na ndaonnachtaí digiteacha Gaeilge. D'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla seo a bheith i gceist ó am go ham: logainm.ie, tearma.ie, ainm.ie, iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), duchas.ie agus gaois.ie. Beidh na taighdeoirí rannpháirteach i meitheal idirdhisciplíneach.

Scálaí Tuarastail:
Cúntóir Taighde: €22,396–€23,069

Cúntóir Eagarthóireachta Taighde: €26,742–€30,955

Riachtanais:
Cúntóir Taighde:
Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2.1 ar a laghad i ngné na Gaeilge den chéim). Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. Is gá bunscileanna ríomhaireachta a bheith ag iarrthóirí freisin.

Cúntóir Eagarthóireachta Taighde:
Bunchéim onóracha sa Ghaeilge agus cáilíocht iarchéime i réimse ábhartha mar aon le taithí chuí ghairmiúil i réimse na Gaeilge scríofa i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde. Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas maith ar *An Caighdeán Oifigiúil* riachtanach don cheapachán seo.

Tá sonrúchán na bpost seo ar fáil ar www.dcu.ie/vacancies/current.shtml
Spriocdháta iarratais: 12.00 meán lae, Dé Luain 17 Deireadh Fómhair

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ó: Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Ascaill Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 9.
Fón: +353 (0)1 700 5149; Facs: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie
www.dcu.ie/vacancies/current.shtml

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.